# POBAL CHRÍOST RÍ
# GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill
(086) 603 1749 / (074) 91 35214
tpcr1906@gmail.com

**21ú Meitheamh 2026**

**www.pobalchriostri.ie / www.mcn.live**

## AIFRINN NA SEACHTAINE

**20.06** Satharn 3 i.n.
Baisteadh
**20.06** Satharn 7 i.n.
Michael Byrne, Mín Lárach
**20.06** Satharn 8 i.n.
Aifreann in Ionad Mhachaire Rabhartaigh
**21.06** Domhnach 9 r.n.
**21.06** Domhnach 11 r.n.
**22.06** Luain 7 i.n.
**23.06** Máirt 10 r.n.
**24.06** Céadaoin 7 i.n.
**25.06** Déardaoin 7 i.n.
**26.06** Aoine 7 i.n.
Sandra Cannon, Machaire Rabhartaigh
**27.06** Satharn 7 i.n.
Bernard Ó Domhnaill & a mhac Joe,An Ardaí Mhór
**28.06** Domhnach 9 r.n.
**28.06** Domhnach 11 r.n
Padaí shields & a iníon Sally, An Bhealtaine

**BÁS LE GAIRID**
Frances Gallagher, Mín a' Chladaigh
Neil Mc Mullan,Cushendall, Co. Aontroma/Mín Doire
Denis Greene - Glaschú.
John Ó Gallchóir, Dún Luiche
**CUIMHNEACHÁIN BÁIS**
Séamus Mac Grianna, An Ardaí Bheag.
Bryan Sweeney, Doire Chonaire

**THE IRISH CATHOLIC**
- Ar fáil ag cúl Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghas.

**CRUINNIÚ AIRGID**
Tógadh €1,395 an tseachtain s'chuaigh thart. Buíochas don phobal.

**ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE -**
Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.
**PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ -** Dé Máirt 7.00 i.n.
**PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE** Dé Domhnaigh 7.00 i.n

**Rúndiamhair an Chreidimh**
Gach uair a ithimid an t-arán seo
agus a ólaimid an chailís seo,
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

**AN DARA DOMHNACH DÉAG A**

**AN CHÉAD LÉACHT**
**Sliocht as leabhar Iarimia fáidh. 20:10-13.**
Cluinim cuid mhór daoine 'mo cháineadh;
'Eagla ar achan taobh! Cáinigí é! Cáinimis é!'
Tá na daoine a bhí mór liom am amháin anois ag súil go dtitfidh mé. 'B'fhéidir go meallfaí é!
Ansin gheobhaimid an bhuaidh air agus bainfimid díoltas amach air.' Ach tá an Tiarna liom-sa, gaiscíoch cumhachtach. Ar an ábhair sin, titfidh siad seo atá m'ionsaí, buailfear iad; beidh siad fríd a chéile.
Ní dhéanfar dearmad go brách ar a náire shíoraí.
Ó! a Thiarna na slua, a scrúdaíonn go fírinneach,
a amharcann go domhain isteach sa chroí, lig domh an díoltas a bhainfeas tusa amach orthu a fheiceáil,
mar is duit-se a d'fhoilsigh mé mo chúis. Canaigí don Tiarna; molaigí an Tiarna; óir shaor sé anam an duine bhoicht ó lámha lucht déanta an oilc.

**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**FREAGRA AN tSAILM**
Éist liom de réir do bhuanghrá, a Thiarna

**AN DARA LÉACHT**
**Sliocht as litir Naomh Pól chuig na Rómhánaigh. 5:12-15.**
Tháinig an peacadh isteach sa tsaol fríd aon duine amháin agus tháinig an bás isteach fríd an pheacadh. Ar an dóigh sin, spréidh an bás fríd an chine daonna uilig de bhrí go dearn achan duine peacadh. Bhí an peacadh ar an tsaol sular tugadh an Dlíomh ach ní chuirtear an peacadh sa chuntas mura mbíonn an dlíomh ann. Mar sin féin, bhí an bás i réim ó Ádhamh anuas go dtí am Mhaoise fiú amháin daofa sin nach raibh ciontach i mbriseadh reachta mar a bhí Ádhamh. Bhí Ádhamh ina shamhail ar an té a bhí le teacht. Ach bhí an tabhartas níos fearr na an choir. Mar, má fuair cuid mhór daoine bás de thairbhe choir an aon duine amháin is fairsinge go mór ná sin a bhí grásta Dé agus an tabhartas a bronnadh ar mhórán fríd an aon duine amháin, Íosa Críost.

**Briathar an Tiarna.**
**FR. Buíochas do Dhia.**

**ALLELUIA**
**Alleluia, alleluia!**
Labhair, a Thiarna, tá do sheirbhíseach ag éisteacht;
Is agat-sa atá briathra na beatha síoraí. Alleluia.

**SOISCÉAL**

**Sliocht as an Soiscéal naofa de réir Naomh Maitiú. 10:26-33.**

San am sin dúirt Íosa leis an dá chloigeann déag: "Ná bíodh eagla oraibh. Óir níl aon rud i bhfolach nach ndéanfar soiléir ná níl aon rud faoi cheilt nach mbeidh fios air. An rud a deirim libh sa dorchadas, abraigí i solas an lae é agus an cogar a chuirtear i bhur gcluais, fógraigí é ó bharr na dtithe."

"Ná bíodh eagla oraibh rompu seo a mharaíonn an corp ach nach dtig leo an t-anam a mharú. Bíodh eagla oraibh roimh an té a dtig leis an corp agus an t-anam a mhilleadh in Ifreann. Nach bhfuil sibh ábalta péire gealbhan a cheannacht ar phingin? Ni thitfidh gealbhan acu as an spéir gan fios a bheith ag bhur nAthair air. Maidir libh-se, tá achan ribe in bhur gceann cuntaiste. Mar sin de, ná bíodh eagla oraibh. Is mó is fiú sibh-se ná na céadta gealbhan."

"Duine ar bith a admhós mise os coinne daoine, admhóidh mise an duine sin comh maith os coinne m'Athair atá ar neamh. Ach duine ar bith a shéanfas mise os coinne daoine séanfaidh mise an duine sin os coinne m'Athair atá ar neamh."

**Soiscéal an Tiarna.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

CUMANN N. UINSIONN DE PÓL – Iarrataisí ar chuidiú chuig: 087 19659

**HALLA NA PARÓISTE**

Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí 8.00-8.30i.n.*

Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan 5.00-8.00i.n.

Bollaí(bowls)Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12

Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.

Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.

Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011

**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar www.birthinfo.ie ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.

**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599

**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991

**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596

**AL ANON** 018732699. info@al-anon-ireland.or

**CLÉIRIGH**

**Dé Sathairn** 20/06 @ 7.00 Brídann Ní Ghallachóir

**Dé Domhnaigh** 21/06 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh

**Dé Domhnaigh** 21/06 @ 11.00: Jenna Nic Fhionnlaoich

**Dé Sathairn** 27/06 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir

**Dé Domhnaigh** 28/06 @ 9.00:

**Dé Domhnaigh** 28/06 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

**LÉITHEOIRÍ - Meitheamh**

Dé Sathairn @ 7 i.n. Eibhlín Ní Chuireáin (Scanlon)

Dé Domhnaigh @ 9 r.n. Dolores Mhic Géidigh

Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain

**MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA - Meitheamh**

Dé Sathairn @ 7 i.n. Tom Feeney & Nóra Coyle

Dé Domhnaigh @ 9 r.n.Bríd Mc Curry & Nóirín Nic Aoidh

Dé Domhnaigh @ 11 r.n. Séamus Ó Briain & Pearse O'Reilly

**BANC BIA CHLOICH CHEANN FHAOLA**

Tá am deacair ann do go leor daoine faoi láthair. Má tá tú ag streachailt le bia a chur ar an tábla, tá Banc Bia Chloich Cheann Fhaola CLG anseo le cuidiú leat. Téigh i dteagmháil linn le do thoil:

Déan teagmháil le hEilish: Glaoigh nó téacsáil 085 756 0177

Ríomhphost: ccffoodbank2@gmail.com

Tar isteach: Achan Déardaoin, 10rn – 12in, ag Halla Áras Begley, An Fál Carrach.

**IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH**

Dé Luain: Glíginí (Grúpa Tuismitheoirí & Tachráin) 10-11.30 r.n.

Bhain Adrian Mc Fadden,Machaire Rabhartaigh €142 ar an 50/50, comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00 i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 074 9135556/083 07692

Mórshiúl ar son na beatha, na saoirse agus an chreidimh. Dé Sathairn 04.07.26 @1.30in ag Halla Cathrach Bhéal Feirste

**DÁTAÍ DON DIALANN**

**26.07.2026–Seirbhís na Reiligí @2.00 i.n.**

**BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)**

Lotto: Comhghairdeachas le Loretto & Margaret as Newry a bhain an póta óir €3700 .B'iad 6-9-11-13-18-20 na huimhreacha.Póta óir anois €3,000